Unraveling Practice #3

Homework for May 14

From time to time we practice "unraveling" Irish grammar, independent of vocabulary, everybody seems to enjoy that activity. I was reminded of this when I ran across the first item below, which was actually the headline of the story.

As usual, translate the stuff below – you won't have much context, these are from several different articles – but focus on connecting the various parts of the sentence, of figuring out what goes where. I suggest you:

1. Study the grammar before you reach for your dictionary. See how much of the "what goes with what" you can figure out first.
2. Mark it up! Draw circles or arrows or connect things with lines.
3. Consider breaking these sentences up into two or three sentences that would say the same thing.

For this activity, getting the gist isn't enough, you have to be able to explain how you got there.

20% de mhúinteoirí atá á bhfostú chun Gaeilge a theagasc neamhcháilithe

Thug an Cumann le fios go bhfuil an Ghaeilge ar an ábhar is measa atá buailte ag an ngéarchéim soláthar múinteoirí agus deacrachtaí ag scoileanna ar fud fiú iarrthóirí cáilithe a fháil chun cur isteach ar fholúntais do mhúinteoirí Gaeilge.

Dúirt Leo Varadkar sa Dáil Dé Máirt gur chuir scéal Vicky Phelan agus na mban eile nár dúradh leo go raibh na torthaí a tugadh dóibh ar na scrúduithe a rinneadh orthu lochtach fearg agus brón air.

Is saothar é seo atá go hiomlán teann as féin agus bíodh go bhfuil rian den chlár faisnéise ar an rud ar fad ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil an scannán seo, ina shlí shainiúil féin, lán le teannas agus drámatúlacht.

Ní bheifeá ag déanamh éagóra air dá ndéarfá gur bhain sé leis an ghlúin sin a bhí ag iarraidh cúl a gcinn a thabhairt le hÉirinn, leis an tseantír – béim ar 'shean' – agus an saol nua-aoiseach iltíreach a roghnú dóibh féin.

Faoina ceannas a bunaíodh an scéim fuinnimh inathnuaite a d'imigh chomh mór sin ó smacht gur áiríodh go mbeadh costas leathbhilliún punt (£500,000,000) air thar fiche bliain.

Beidh Arlene Foster ar ais os comhair an fhiosraithe níos deireanaí sa bhliain nuair a scrúdófar eachtraí a bhain le srianadh na scéime agus na leaganacha contráilte den scéal sin a thug sise agus a hiar-chomhghleacaí Jonathan Bell.

Nuair a bhí an seisiún deiridh dá fianaise don gheábh seo ag druidim chun deiridh chuir abhcóide an fhiosraithe David Scofield brú uirthi faoin liodán lochtanna agus easnaimh a bhí admhaithe aici a bheith ar an scéim.

Ceist dhíreach is minice a úsáideann daoine agus cuardach cainte á dhéanamh acu seachas liosta focal i ndiaidh a chéile mar a dhéantar nuair atá an méarchlár in úsáid le cuardach a dhéanamh.

Maithfidh an tAire Oideachais agus Scileanna dom é má deirim nach ndearna mé uan díom féin agus nár thosaigh mé ag pocléimneach nuair a d'fhógair sé cúpla seachtain ó shin nach fada uainn anois an lá a mbeidh daltaí in ann an corpoideachas a roghnú mar ábhar Ardteistiméireachta.

I dtuarascáil de chuid na Roinne Oideachais féin inar leagadh amach céard iad na gnéithe is mó dá gcúram a dteastaíonn airgead a chaitheamh orthu as seo go ceann deich mbliana, deirtear go bhfuil géarghá le háiseanna Corpoideachais i go leor scoileanna, ach nach bhfuil ar a gcumas faoi láthair glacadh le hiarratais ó na scoileanna sin ar airgead a chuirfeadh an scéal ina cheart.